C/2025/6735

18.12.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/6735)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Landwein der Saar'

Uimhir thagartha AE: PGI-DE-A1289-AM03 — 20.11.2025

1. **Ainm an táirge**

'Landwein der Saar'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíon

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Ghearmáin

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Ainm

An Aireacht Cónaidhme Talmhaíochta, Bia agus Aitheantais Réigiúnaí [Bundesministerium für Landwirtschaft, Ernährung und Heimat]

Ainm

An Oifig Cónaidhme Talmhaíochta agus Bia [Bundesanstalt für Landwirtschaft und Ernährung]

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann údaráis na Gearmáine go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) 2024/1143.

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge de réir an tsainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Ní bhaineann an t-iarratas ar leasú ar TGFC 'Landwein der Saar' le haon cheann de na trí chás arb éard atá iontu leasú ar leibhéal an Aontais, go sonrach:

(a) níl i gceist leis athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

(b) níl an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar chur ar an margadh an táirge i gceist leis.

Measann údaráis na Gearmáine dá bhrí sin gur le haghaidh leasú caighdeánach atá an t-iarratas.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)

Tuairisc

Leis na dálaí anailíseacha, is féidir an neart alcóil nádúrtha a mhéadú, trí shaibhriú, go neart alcóil iomlán de réir toirte de 13 % i gcás fíon dearg.

Cuireadh tuairisc ar fhíon páirt-dhí-alcólaithe sa tuairisc orgánaileipteach le haghaidh na bhfíonta uile.

Fíon geal páirt-dhí-alcólaithe:

Tá tréithe orgánaileipteacha na bhfíonta geala páirt-dhí-alcólaithe cosúil leis na tuairiscí céadfacha ar fhíon a bhaineann le TGFC 'Landwein der Saar' as a dtáirgtear iad. Baineann sé sin thar aon ní eile leis an speictream dathanna. I gcás ina léirítear an cineál fíniúna, is minic a léiríonn na fíonta páirt-dhí-alcólaithe dea-bholadh níos fíneálta ar comhartha sóirt é den chineál fíniúna lena mbaineann. Is iondúil go mbíonn próifíl bhlais beagán níos éadroime ag na fíonta, mar gheall ar an gcion alcóil laghdaithe. Is minic a bhraitear leis na céadfaí go bhfuil paraiméadair bhlais amhail milseacht agus aigéadacht chomh maith le tainniní níos láidre.

Fíonta rosé páirt-dhí-alcólaithe, Blanc de Noir:

Tá tréithe orgánaileipteacha na bhfíonta páirt-dhí-alcólaithe cosúil leis na tuairiscí céadfacha ar fhíon a bhaineann le TGFC 'Landwein der Saar' as a dtáirgtear iad. Baineann sé sin thar aon ní eile leis an speictream dathanna. I gcás ina léirítear an cineál fíniúna, is minic a léiríonn na fíonta páirt-dhí-alcólaithe dea-bholadh níos fíneálta ar comhartha sóirt é den chineál fíniúna lena mbaineann. Is iondúil go mbíonn próifíl bhlais beagán níos éadroime ag na fíonta, mar gheall ar an gcion alcóil laghdaithe. Is minic a bhraitear leis na céadfaí go bhfuil paraiméadair bhlais amhail milseacht agus aigéadacht chomh maith le tainniní níos láidre.

Fíon dearg páirt-dhí-alcólaithe:

Tá tréithe orgánaileipteacha na bhfíonta dearga páirt-dhí-alcólaithe cosúil leis na tuairiscí céadfacha ar fhíon a bhaineann le TGFC 'Landwein der Saar' as a dtáirgtear iad. Baineann sé sin thar aon ní eile leis an speictream dathanna. I gcás ina léirítear an cineál fíniúna, is minic a léiríonn na fíonta páirt-dhí-alcólaithe dea-bholadh níos fíneálta ar comhartha sóirt é den chineál fíniúna lena mbaineann. Is iondúil go mbíonn próifíl bhlais beagán níos éadroime ag na fíonta, mar gheall ar an gcion alcóil laghdaithe. Is minic a bhraitear leis na céadfaí go bhfuil paraiméadair bhlais amhail milseacht agus aigéadacht chomh maith le tainniní níos láidre.

Rotling páirt-dhí-alcólaithe:

Tá tréithe orgánaileipteacha na bhfíonta Rotling páirt-dhí-alcólaithe cosúil leis na tuairiscí céadfacha ar fhíon a bhaineann le TGFC 'Landwein der Saar' as a dtáirgtear iad. Baineann sé sin thar aon ní eile leis an speictream dathanna. I gcás ina léirítear an cineál fíniúna, is minic a léiríonn na fíonta páirt-dhí-alcólaithe dea-bholadh níos fíneálta ar comhartha sóirt é den chineál fíniúna lena mbaineann. Is iondúil go mbíonn próifíl bhlais beagán níos éadroime ag na fíonta, mar gheall ar an gcion alcóil laghdaithe. Is minic a bhraitear leis na céadfaí go bhfuil paraiméadair bhlais amhail milseacht agus aigéadacht chomh maith le tainniní níos láidre.

Déanann na hathruithe difear do phointe 3 den tsonraíocht agus pointe 6 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Críochú an limistéir

Tuairisc

Áirítear na dáileachtaí talún seo a leanas i gcríochú TGFC 'Landwein der Saar':

Ayl	2740	12	191	0
Irsch	2711	1	99	0
Irsch	2711	1	181	2
Irsch	2711	1	187	0
Irsch	2711	1	188	0
Irsch	2711	1	197	0
Irsch	2711	1	198	0
Irsch	2711	1	199	0
Irsch	2711	1	200	0
Irsch	2711	1	201	0
Irsch	2711	1	235	0
Irsch	2711	2	63	0
Irsch	2711	2	65	0
Irsch	2711	2	66	0
Irsch	2711	2	70	0
Irsch	2711	2	71	0
Irsch	2711	2	72	0
Irsch	2711	2	78	0
Irsch	2711	2	79	0
Irsch	2711	2	80	0
Irsch	2711	2	81	0
Irsch	2711	2	82	0
Irsch	2711	2	83	0
Irsch	2711	2	87	0
Irsch	2711	2	92	0
Irsch	2711	2	93	0
Irsch	2711	2	95	0
Irsch	2711	2	98	0
Irsch	2711	2	99	0
Irsch	2711	2	100	0
Irsch	2711	2	179	5
Irsch	2711	2	179	6
Irsch	2711	3	322	0
Irsch	2711	6	129	0
Irsch	2711	6	140	0
Saarburg	2737	3	25	0
Saarburg	2737	3	33	0
Saarburg	2737	3	42	1

Saarburg	2737	3	44	1
Saarburg	2737	30	270	1
Schoden	2742	1	76	1
Schoden	2742	1	76	2
Schoden	2742	1	77	1
Schoden	2742	1	77	2
Schoden	2742	1	80	2
Schoden	2742	1	80	3
Schoden	2742	1	216	0
Schoden	2742	1	219	1
Schoden	2742	1	222	1
Schoden	2742	1	224	0
Schoden	2742	1	225	0
Schoden	2742	5	43	0
Schoden	2742	5	44	0
Schoden	2742	5	45	0
Schoden	2742	5	80	0
Schoden	2742	5	81	0
Schoden	2742	5	83	1
Schoden	2742	5	85	0
Schoden	2742	6	54	0
Schoden	2742	6	56	0
Schoden	2742	6	57	0
Schoden	2742	6	58	0
Schoden	2742	6	64	0
Schoden	2742	6	65	0
Schoden	2742	6	66	0
Schoden	2742	6	68	1
Schoden	2742	6	100	0
Schoden	2742	6	106	0
Schoden	2742	6	114	0
Schoden	2742	6	119	0
Schoden	2742	6	120	0
Schoden	2742	6	141	0
Schoden	2742	6	143	0
Schoden	2742	6	144	0
Schoden	2742	6	145	0
Schoden	2742	6	146	0
Schoden	2742	6	147	0
Schoden	2742	6	151	0
Wiltingen	2756	7	6	0

Wiltingen	2756	7	7	0
Wiltingen	2756	7	21	0
Wiltingen	2756	7	64	1
Wiltingen	2756	8	102	0
Wiltingen	2756	8	106	0
Wiltingen	2756	8	107	0
Wiltingen	2756	8	113	0
Wiltingen	2756	8	114	0
Wiltingen	2756	8	115	0
Wiltingen	2756	8	116	0
Wiltingen	2756	8	117	0
Wiltingen	2756	8	118	0
Wiltingen	2756	8	119	0
Wiltingen	2756	21	53	0
Wiltingen	2756	21	54	0
Wiltingen	2756	21	55	0
Wiltingen	2756	21	169	0

Déanann na hathruithe difear do phointe 4 den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Cineálacha fíonchaor

Tuairisc

Cuireadh na cineálacha fíniúna seo a leanas isteach:

Cineálacha fíniúna geala:

Alvarinho, Blütenmuskateller, Soreli, Trebbiano di Soave, Voltis, Sémillon

Cineálacha fíniúna dearga:

Levitage, Schwarzblauer Riesling

Ceartaíodh earráidí i litriú cineálacha áirithe freisin agus glacadh le hathruithe ainm.

Déanann na hathruithe difear do phointe 8 den tsonraíocht agus pointe 8 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Údaráis rialaithe

Tuairisc

Baineadh na húdaráis rialaithe agus a gcúraimí den tsonraíocht táirge agus liostaítear iad i ndoiciméad ar leithligh.

Déanann na hathruithe difear do phointe 11 den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon

‘Landwein der Saar’

Uimhir thagartha AE: PGI-DE-A1289-AM03 — 20.11.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Landwein der Saar

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Ghearmáin

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d’Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

Táirge fíniúna

Fíon, geal

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Idir buí éadrom le himireacha glasa agus órbhuí a bhíonn sa réimse dathanna de ghnáth. Go sonrach, is féidir dath oráiste a bheith ar fhíonta geala brúchoipthe, mar aon le himireacha dearga agus donna.

Dea-bholadh

Féadfaidh saintréithe cineál beaga agus carachtar nach bhfuil chomh torthaíoch céanna a bheith sa chumhracht. D’fhéadfadh ruainníní ocsaídiúcháin, feanólacha nó réaduchtacha de dhéine fíneáilte go déine measartha a bheith ann d’aon ghnó.

Blas

Ag brath ar an gcineál fíniúna nó an comhdhéanamh i gcumasc cineálacha fíniúna, is iondúil go mbíonn blasanna torthaíocha torthaí póma áitiúla, clochthorthaí agus torthaí citris ar na fíonta geala. D’fhéadfadh blasanna glasa, féarúla agus luibheanna, agus loirg bhláthacha, mil agus torthaí triomaithe de réir an chineáil fíniúna a bheith sa réimse. Is iondúil go mbíonn tathag éadrom nó measartha sna fíonta, chomh maith le haigéadacht agus milseacht a léiríonn na hoibríochtaí siléir. Ag brath ar an gcaoi a ndéantar iad a phróiseáil, d’fhéadfadh na fíonta a bheith tainneach agus beagán aigéadach freisin.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

D’fhéadfadh modarthacht chobhsaí a bheith sna fíonta geala nó, nuair a chroitear iad, modarthacht nádúrtha shonraíoch (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail). Ní cheadaítear, áfach, modarthacht a chruthaítear go saorga trí aidiúvaigh theicneolaíocha a chur leis an bhfíon nó atá ann mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon.

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Neart alcóil nádúrtha íosta agus cion íosta úrfhíona: 5,5 % de réir toirte agus 47° Oechsle.

Ní mór an meáchan úrfhíona sa choimeádán coipthe a thaifeadadh.

Féadfar an neart alcóil nádúrtha, trí shaibhriú, a mhéadú go neart alcóil iomlán de réir toirte de 11,5 %.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon páirt-dhí-alcólaithe, geal

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Tá tréithe orgánaileipteacha na bhfíonta geala páirt-dhí-alcólaithe cosúil leis na tuairiscí céadfacha ar fhíon a bhaineann le TGFC 'Landwein der Saar' as a dtáirgtear iad. Baineann sé sin thar aon ní eile leis an speictream dathanna.

Dea-bholadh

I gcás ina léirítear an cineál fíniúna, is minic a léiríonn na fíonta páirt-dhí-alcólaithe dea-bholadh níos fíneálta ar comhartha sóirt é den chineál fíniúna lena mbaineann.

Blas

Is iondúil go mbíonn próifíl bhlais beagán níos éadroime ag na fíonta, mar gheall ar an gcion alcóil laghdaithe. Is minic a bhraitear leis na céadfaí go bhfuil paraiméadair bhlais amhail milseacht agus aigéadacht chomh maith le tainniní níos láidre.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Neart alcóil nádúrtha íosta agus cion íosta úrfhíona: 5,5 % de réir toirte agus 47° Oechsle.

Ní mór an meáchan úrfhíona sa choimeádán coipthe a thaifeadadh.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíonta rosé, Blanc de Noir

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Is iondúil go mbíonn dathanna éagsúla ar na fíonta *rosé*, ó dhath bándearg éadrom go dath bándearg go dath dearg éadrom agus d'fhéadfadh imreacha donna a bheith iontu freisin, fad a bhíonn dath fíona ghil ar fhíonta Blanc de Noir.

Dea-bholadh

Mar gheall ar an gcosúlacht le táirgeadh fíona ghil, bíonn na blasanna torthaíocha caor agus torthaí citris an-láidir.

Blas

Lena n-aigéadacht, a bhíonn sách ard de ghnáth, na tainniní fíneáilte, leibhéil ísle alcóil agus milseacht iarmharach fíneálta, tá blas na bhfíonta *rosé* cosúil le blas na bhfíonta geala.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

Táirgtear na fíonta *rosé* agus na fíonta Blanc de Noir ó chineálacha fíniúna dearg a fháisctear go gasta. Is féidir réimse suntasach dea-bholaithe agus dathanna a bheith iontu agus modarthacht chobhsaí nó, nuair a chroitear iad, moirtiúlacht nádúrtha shonraíoch (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail). Ní cheadaítear, áfach, modarthacht a chruthaítear go saorga trí aidiúvaigh theicneolaíocha a chur leis an bhfíon nó atá ann mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon.

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Neart alcóil nádúrtha íosta agus cion íosta úrfhíona: 5,5 % de réir toirte agus 47° Oechsle.

Ní mór an meáchan úrfhíona sa choimeádán coipthe a thaifeadadh.

Féadfar an neart alcóil nádúrtha, trí shaibhriú, a mhéadú go neart alcóil iomlán de réir toirte de 11,5 %.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíonta rosé páirt-dhí-alcólaithe, Blanc de Noir

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Tá tréithe orgánaileipteacha na bhfíonta páirt-dhí-alcólaithe cosúil leis na tuairiscí céadfacha ar fhíon a bhaineann le TGFC 'Landwein der Saar' as a dtáirgtear iad. Baineann sé sin thar aon ní eile leis an speictream dathanna.

Dea-bholadh

I gcás ina léirítear an cineál fíniúna, is minic a léiríonn na fíonta páirt-dhí-alcólaithe dea-bholadh níos fíneálta ar comhartha sóirt é den chineál fíniúna lena mbaineann.

Blas

Is iondúil go mbíonn próifíl bhlais beagán níos éadroime ag na fíonta, mar gheall ar an gcion alcóil laghdaithe. Is minic a bhraitear leis na céadfaí go bhfuil paraiméadair bhlais amhail milseacht agus aigéadacht chomh maith le tainniní níos láidre.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Neart alcóil nádúrtha íosta agus cion íosta úrfhíona: 5,5 % de réir toirte agus 47° Oechsle.

Ní mór an meachan úrfhíona sa choimeádán coipthe a thaifeadadh.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon, dearg

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Idir dearg éadrom agus dearg measartha láidir agus corcairghorm dorcha ina mbíonn imireacha láidre donna uaireanta a bhíonn i gceist leis an réimse dathanna.

Dea-bholadh

Ag brath ar an gcineál fíonchaoire nó an comhdhéanamh i gcumasc cineálacha fíonchaor, is iondúil go mbíonn cumhracht ina bhfuil bolaithe torthaíocha clochthorthaí agus caor áitiúil go príomha, chomh maith le torthaí leasaithe agus triomaithe, ag baint le fíonta dearga. D'fhéadfadh loirg ghlasa agus spíosracha a bheith orthu freisin.

Blas

Is iondúil go mbíonn idir tathag éadrom agus tathag lán sna fíonta agus is iondúil go mbíonn idir aigéadacht shéimh agus aigéadacht shonraíoch mar shaintréith iontu. Idir tainniní atá deacair le brath nó tainniní fíorláidre, lena bhféadfadh loirg ghlasa a bheith ag gabháil leo, a bhíonn sa réimse tainniní.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

D'fhéadfadh modarthacht chobhsaí a bheith sna fíonta nó, nuair a chroitear iad, modarthacht nádúrtha shonraíoch (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail). Ní cheadaítear, áfach, modarthacht a chruthaítear go saorga trí aidiúvaigh theicneolaíocha a chur leis an bhfíon nó atá ann mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon.

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-

Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Neart alcóil nádúrtha íosta agus cion íosta úrfhíona: 5,5 % de réir toirte agus 47° Oechsle.

Ní mór an meáchan úrfhíona sa choimeádán coipthe a thaifeadadh.

Féadfar an neart alcóil nádúrtha, trí shaibhriú, a mhéadú go neart alcóil iomlán de réir toirte de 13 %.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon páirt-dhí-alcólaithe, dearg

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Tá tréithe orgánaileipteacha na bhfíonta dearga páirt-dhí-alcólaithe cosúil leis na tuairiscí céadfacha ar fhíon a bhaineann le TGFC 'Landwein der Saar' as a dtáirgtear iad. Baineann sé sin thar aon ní eile leis an speictream dathanna.

Dea-bholadh

I gcás ina léirítear an cineál fíniúna, is minic a léiríonn na fíonta páirt-dhí-alcólaithe dea-bholadh níos fíneálta ar comhartha sóirt é den chineál fíniúna lena mbaineann.

Blas

Is iondúil go mbíonn próifíl bhlais beagán níos éadroime ag na fíonta, mar gheall ar an gcion alcóil laghdaithe. Is minic a bhraitear leis na céadfaí go bhfuil paraiméadair bhlais amhail milseacht agus aigéadacht chomh maith le tainniní níos láidre.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Neart alcóil nádúrtha íosta agus cion íosta úrfhíona: 5,5 % de réir toirte agus 47° Oechsle.

Ní mór an meáchan úrfhíona sa choimeádán coipthe a thaifeadadh.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Rotling

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Ag brath ar an rogha maidir leis an gcineál fíniúna, bíonn dath dearg éadrom idir meathdhearg agus dearg láidir ar na fíonta Rotling den chuid is mó.

Dea-bholadh

Bíonn a gcuid dea-bholaithe sách torthaíoch de ghnáth, agus uaireanta bíonn siad píosa beag spíosrach. D'fhéadfadh an blas torthaíoch a bheith éagsúil ag brath ar an gcineál fíniúna a úsáidtear.

Blas

Bíonn blas atá idir mín agus saibhir acu go ginearálta chomh maith le struchtúr aigéid úir den chuid is mó.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

Is féidir réimse suntasach dea-bholaithe agus dathanna a bheith iontu agus modarthacht chobhsaí nó, nuair a chroitear iad, moirtiúlacht nádúrtha shonraíoch (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail). Ní cheadaítear, áfach, modarthacht a chruthaítear go saorga trí aidiúvaigh theicneolaíocha a chur leis an bhfíon nó atá ann mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon.

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Neart alcóil nádúrtha íosta agus cion íosta úrfhíona: 5,5 % de réir toirte agus 47° Oechsle.

Ní mór an meáchan úrfhíona sa choimeádán coipthe a thaifeadadh.

Féadfar an neart alcóil nádúrtha, trí shaibhriú, a mhéadú go neart alcóil iomlán de réir toirte de 11,5 %.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Rotling páirt-dhí-alcólaithe

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Tá tréithe orgánaileipteacha na bhfíonta Rotling páirt-dhí-alcólaithe cosúil leis na tuairiscí céadfacha ar fhíon a bhaineann le TGFC 'Landwein der Saar' as a dtáirgtear iad. Baineann sé sin thar aon ní eile leis an speictream dathanna.

Dea-bholadh

I gcás ina léirítear an cineál fíniúna, is minic a léiríonn na fíonta páirt-dhí-alcólaithe dea-bholadh níos fíneálta ar comhartha sóirt é den chineál fíniúna lena mbaineann.

Blas

Is iondúil go mbíonn próifíl bhlais beagán níos éadroime ag na fíonta, mar gheall ar an gcion alcóil laghdaithe. Is minic a bhraitear leis na céadfaí go bhfuil paraiméadair bhlais amhail milseacht agus aigéadacht chomh maith le tainniní níos láidre.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Neart alcóil nádúrtha íosta agus cion íosta úrfhíona: 5,5 % de réir toirte agus 47° Oechsle.

Ní mór an meáchan úrfhíona sa choimeádán coipthe a thaifeadadh.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

-

Ní bhaineann le hábhar

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Gach táirge

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	150
Aonad uastáirgeachta:	Heictilítear in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— Accent

— Acolon

— Adelfränkisch - Grüner Adelfränkisch, Grünedel, Verdet Blanc

— Affenthaler - Blauer Affenthaler

— Albalonga

— Allegro

— Alvarinho - Albarino, Albariño

— Arinto - Arinto de Bucelas

— Arnsburger

— Auxerrois - Auxerrois Blanc, Auxerrois blanc, Pinot Auxerrois

— Bacchus

— Baron

— Blauer Elbling

— Blauer Frühburgunder - Frühburgunder, Madeleine Noir, Pinot Madeleine, Pinot Noir Précoce

— Blauer Limberger - Blaufränkisch, Lemberger, Limberger

— Blauer Portugieser - Portugieser

— Blauer Spätburgunder - Clevner, Pinot Noir, Pinot noir, Pinot Nero, Pinot nero, Samtrot, Spätburgunder

— Blauer Trollinger - Trollinger, Vernatsch, Schiava Grossa

— Blauer Zweigelt - Rotburger, Zweigelt, Zweigeltrebe

— Blütenmuskateller

— Bolero

— Bronner

— Cabernet Blanc

— Cabernet Bordo

— Cabernet Cortis

— Cabernet Cubin

— Cabernet Dorio

— Cabernet Dorsa

— Cabernet Franc

— Cabernet Jura

— Cabernet Mitos

— Cabernet Sauvignon

— Cabertin

— Calardis Blanc

— Chardonnay

— Chenin Blanc

— Dakapo

— Divico

— Domina

— Donauriesling

— Dornfelder

— Dunkelfelder

— Ehrenbreitsteiner

— Ehrenfelser

— Faberrebe - Faber

— Felicia

— Fernão Pires - Fernao Pires

— Fidelio

— Findling

— Gamay noir

— Gelber Kleinberger

— Gelber Muskateller - Moscato, Muscat, Muskat, Muscat blanc, Muscat Blanc, Muskateller

— Gelber Orleans - Orleans

— Gm 4-46

— Gm 6414-17

— Gm 9224-2

— Gm 9337-1

— Gm 9620-5

— Goldmuskateller

— Goldriesling

— Grenache noir - Grenache

— Grüner Silvaner - Silvaner, Sylvaner

— Grüner Veltliner - Veltliner

— Grünfränkisch - Bormeo Verd

— Gutenborner

— Hartblau

— Helios

— Hibernal

— Huxelrebe - Huxel

— Johanniter

— Juwel

— Kerner

— Kernling

— Kleiner Fränkischer Burgunder - Franc Pineau, Schwarzblauer Klevner

— Lagrein - Blauer Lagrein, Lagrain

— Laurot

— Levitage

— Merlot

— Monarch

— Morio Muskat - Morio-Muskat

— Muscaris

— Muskat Ottonel - Muskat-Ottonel

— Müller Thurgau - Rivaner, Müller-Thurgau

— Müllerrebe - Pinot Meunier, Pinot meunier, Schwarzriesling

— Nebbiolo - Prunent

— Optima 113 - Optima

— Ortega

— Palas

— Pamina

— Perle

— Phoenix - Phönix

— Pinot Nova - Pinot nova

— Pinotin

— Piroso

— Primitivo - Zinfandel

— Prinzipal

— Prior

— Reberger

— Regent

— Regner

— Reichensteiner

— Rieslaner

— Rinot

— Rondo

— Rosa Chardonnay

— Roter Elbling - Elbling Rouge, Elbling rouge

— Roter Gutedel - Chasselas Rouge, Chasselas rouge, Fendant Roux

— Roter Muskateller

— Roter Müller Thurgau - Roter Müller-Thurgau

— Roter Riesling

— Roter Traminer - Gewürztraminer, Traminer

— Roter Veltliner

— Rubinet

— Ruländer - Grauburgunder, Grauer Burgunder, Pinot Grigio, Pinot grigio, Pinot Gris, Pinot gris

— Saphira

— Satin Noir

— Sauvignac

— Sauvignon Blanc - Fumé Blanc, Muskat Silvaner

— Sauvignon Gris

— Sauvitage

— Savagnin Blanc - Weißer Traminer

— Scheurebe

— Schwarzblauer Riesling

— Schwarzer Elbling - Pinot Salomon

— Schwarzer Urban

— Schönburger

— Siegerrebe - Sieger

— Solaris

— Soreli

— Souvignier Gris

— St. Laurent - Sankt Laurent, Saint Laurent

— Syrah - Shiraz

— Sémillon - Semillon blanc

— Süßschwarz

— Tempranillo

— Touriga nacional

— Trebbiano di Soave - Verdicchio bianco

— VB 91-26-5

— Veritage

— Viognier - Viogne

— Voltis

— Weißer Burgunder - Pinot Bianco, Pinot bianco, Pinot Blanc, Pinot blanc, Weißburgunder

— Weißer Elbling - Elbling, Kleinberger

— Weißer Gutedel - Chasselas, Chasselas Blanc, Chasselas blanc, Fendant, Fendant Blanc, Gutedel

— Weißer Heunisch - Heunisch

— Weißer Riesling - Klingelberger, Riesling, Rheinriesling, Riesling Renano, Riesling renano

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe**

Maidir le táirgí a bhfuil sé ceadaithe an tásc geografach faoi chosaint 'Landwein der Saar' a bheith orthu, ní mór go dtiocfaidís ó fhíonghoirt chríochaithe a bhaineann leis na bardais agus ceantair bhardasacha seo a leanas: Ayl (Ayl (2740), Biebelhausen (2741)), Irsch (2711), Kanzem (2757), Kastel-Staadt (2713), Konz (Filzen (2770), Kommlingen (2773), Konz (2771), Könen (2769), Krettnach (2774), Niedermennig (2772), Oberemmel (2775)), Ockfen (2739), Pellingen (2776), Saarburg (2737), Schoden (2742), Serrig (2712), Wawern (Trier-Saarburg) (2758) agus Willtingen (2756).

Is féidir an críochú beacht a fheiceáil ar léarscáileanna thuasluaite ar a dtaispeántar na fíonghoirt sna bardais, agus iad críochaithe de réir na dáileachta talún. Is féidir breathnú ar na léarscáileanna sin ag www.ble.de/eu-qualitaetskennzeichen-wein.

Féadfar 'Landwein der Saar' a tháirgeadh i limistéar seachas réigiún táirgeachta Landwein inar buanadh na fíonchaora agus a shonraítear ar an lipéadú, ar choinníoll go bhfuil an limistéar táirgeachta lonnaithe sa stát cónaidhme céanna nó i stát cónaidhme máguaird.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch leis an tionscnamh geografach bunaithe ar

☐ Clú

☑ Cáilíocht shonrach

☑ Saintréith eile

Catagóirí na dtáirgí fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

Cumhdaítear dhá réigiún nádúrtha le réigiún táirgeachta Saar Landwein (Konz go Serrig). Tá formhór an limistéir fíonsaothrúcháin suite i réigiún nádúrtha Saartal Saarburger. Ar an taobh thoir, tá tagann an réigiún sin le chéile le réigiún nádúrtha Irsch-Wiltinger Hunsrückrand, ar réigiún é, lena fhánaí géara, atá ina nasc idir ísealchríocha Ghleann na Sáire agus ardchláir Saar-Ruwer-Hunsrück. Tá roinnt fíonghort in Irsch-Wiltinger Hunsrückrand fós. Taobh leis an tSáir, faightear na limistéir fíonsaothrúcháin ag airdí atá idir 135 m agus 380 m os cionn leibhéal na farraige (is é 230 m os cionn leibhéal na farraige an mheánairde). Nuair a chuirtear na fíonghoirt uile i réigiún táirgeachta Saar Landwein san áireamh, is é 23 % an meánfhána. Tá a n-aghaidheanna soir ó dheas, ó dheas siar ó dheas go príomha (thart ar 75 % díobh) agus, i dtéarmaí an limistéir fhíonsaothrúcháin ina iomláine, is é an meántreoshuíomh atá acu 200° (ó dheas siar ó dheas).

Tá réigiún táirgeachta Saar Landwein déanta as slinn Pailéasóch den chuid is mó. Ní fhaightear dríodar srutha ach ar urlár Ghleann na Sáire agus ar a léibhinn abhann, áit a bhfuil sé os cionn na carraige Pailéasóiche (Deavónach). Tá carraig Mhéiseasóch ar an taobh is faide siar de réigiún táirgeachta Saar Landwein freisin. Mar sin féin, ní dhéantar ach fíorbheagán fíonsaothrúcháin ar an ngaineamhchloch Buntsandstein seo. Dá thoradh sin, tá na fíniúnacha sa tSáir fréamhaithe in ithreacha ina bhfuil carraig foinse Dheavónach. Is ithreacha donna, idir neamhbhunmhar agus bunmhar go príomha iad na hithreacha a tháinig chun cinn ar an slinn Dheavónach.

Tá ithreacha snaíochair, atá déanta as ábhar ithreach Deavónach a athdháileadh le fáil in áiteanna freisin. Ar dhríodar abhann agus léibhinn Pléisticéineach atá cumhdaithe go páirteach le cré, tháinig reigeasail, ithreacha paradhonna agus ithreacha bréag-ghléasail chun cinn. Mar sin féin, ní fhaightear ach méid teoranta díobh sin i réigiún táirgeachta Saar Landwein. Tá ithreacha donna neamhbhunmhara Buntsandstein an-neamhchoitianta. Tá siad le fáil i gcion is lú ná 0,5 % de na fíonghoirt uile. D'ainneoin na gclaiseanna a treabhadh go domhain chun fíniúnacha a shaothrú, is minic gur féidir na cineálacha ithreach nádúrtha a aithint fós.

Tá Gleann na Sáire, agus na gleannta ina bhfuil na craobh-aibhneacha a bhaineann leis, suaithinseach mar limistéir ina bhfuil dálaí teirmeacha fabhracha i gcomparáid le hardtailte Hunsrück toisc go bhfuil foscadh le fáil ann. Thart ar 9,5 °C a bhíonn i meánteocht na bhfíonghort ar fud an réigiúin táirgeachta Saar Landwein ar fad. Thart ar 14,0 °C a bhíonn sa mheánteocht le linn an tséasúir fáis. Faigheann na fíonghoirt i réigiún táirgeachta Saar Landwein tuairim is 775 mm frasaíochta ar an meán. Ar an meán, titeann 480 mm den fhrasaíocht sin, i.e. 60 %, le linn an tséasúir fáis. Faigheann na fíniúnacha meán de 679 000 Wh/m² de sholas gréine le linn an tséasúir fáis.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais / an mhaolaithe

Rialacha táirgthe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál ceanglais / maolaithe bhreise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas / maolú

Ní mór go dtiocfadh 100 % de na fíonchaora a úsáidtear chun 'Landwein der Saar' a tháirgeadh ó na bardais nó aonaid chadastracha a liostaítear faoi phointe 9 den doiciméad aonair agus ó na cineálacha fíonchaor a údaraítear faoi phointe 8 den doiciméad aonair. Ní fhéadfaidh méid siúcra iarmhar fíona arna mhargú mar 'Landwein der Saar' an t-uasluach incheadaithe a shárú don tásc 'leath-thirim'.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.ble.de/SharedDocs/Downloads/DE/Ernaehrung-Lebensmittel/EU-Qualitaetskennzeichen/Antraege/LW_Saar_SAE/Produktspezifikation.pdf?__blob=publicationFile